Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8531/18**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0111 (COD)**

**TELECOM 113**
**PI 48**
**RECH 156**
**MI 310**
**COMPET 266**
**DATAPROTECT 78**
**CYBER 80**
**IA 114**
**CODEC 674**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 128 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 128 final.

Faoi iamh: SWD(2018) 128 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.4.2018
SWD(2018) 128 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le hathúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí**

{COM(2018) 234 final} - {SWD(2018) 127 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
| --- |
| Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar Threoir 2003/98/CE maidir le hathúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí[1] |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth a bhfuil gá le beart? Cad í an fhadhb?** |
| Tá i seilbh chomhlachtaí na hearnála poiblí méid ollmhór sonraí ar a dtugtar 'faisnéis ón earnáil phoiblí' e.g. sonraí dlíthiúla, sonraí tráchta, sonraí meitéareolaíocha, sonraí eacnamaíocha agus sonraí airgeadais. Ach a cheadú go mbaintear athúsáid as na sonraí sin chun críocha nua, lena n-áirítear críocha tráchtála (e.g. i seirbhísí loingseoireachta satailíte, feidhmchláir aimsire etc.) is féidir fás eacnamaíoch a spreagadh, borradh a chur faoin nuálaíocht agus aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna éagsúla de chuid na sochaí e.g. cúram sláinte nó iompar poiblí.<br><br>Le Treoir 2003/98/CE maidir le hathúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí leagadh síos creat dlíthiúil bunúsach maidir le hathúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí sa mhargadh aonair trí oibleagáidí áirithe a chur ar chomhlachtaí na hearnála poiblí. I gcomhréir le hAirteagal 13 (clásal athbhreithnithe) den Treoir, agus ag leanúint ón ngealltanas a tugadh le linn an athbhreithnithe meántéarma ar an Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach, tá sa mheasúnú tionchair seo meastóireacht ar chur chun feidhme an leagain reatha den Treoir agus leagtar amach na roghanna beartais is gá chun aghaidh a thabhairt ar na ceithre réimse faidhbe:<br><br>1. ***Sonraí dinimiciúla:*** Is annamh a bhíonn rochtain fíor-ama ar shonraí atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí, go háirithe sonraí dinimiciúla, le fáil le modhanna teicniúla iomchuí (comhéadain feidhmchláir/APInna). Fágann sin gur minic nach féidir sonraí dinimiciúla a athúsáid chun táirgí nua agus seirbhísí nua a fhorbairt, feidhmchláir taistil fíor-ama mar shampla.<br>2. ***Muirearú***: Tá roinnt comhlachtaí earnála poiblí ann a bhíonn fós ag gearradh muirir iomarcacha as athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí – muirir atá i bhfad os cionn an leibhéil is gá chun na costais atáirgthe agus scaipthe a fháil ar ais. Is mó dochar ná maitheas a dhéanann na muirir sin ó thaobh na maicreacnamaíochta de, óir is bacainn ar an margadh iad do fhiontair bheaga agus meánmhéide (FBManna). Dá thoradh sin, cuireann muirir le neart na n-ardán mór ilnáisiúnta, ar an iomlán, agus déanann siad aimhleas FBManna toisc nach bhfuil siad in acmhainn sonraí ón earnáil phoiblí a cheannach. Is léir ón bhfianaise gurb iondúil go mbíonn borradh faoin éileamh ar shonraí ón earnáil phoiblí nuair a chuirtear deireadh le muirir. Is éard is toradh air sin ná tuilleadh nuálaíochta, tuilleadh fáis ar ghnó agus, ar deireadh, tuilleadh ioncaim buiséid (trí cháin) don earnáil phoiblí.<br>3. ***Raon Feidhme na Treorach maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí***: Tá na sonraí a ghintear in earnálacha na bhfóntas agus an iompair luachmhar agus tá an-phoitéinseal athúsáide iontu. Mar sin féin, ní chumhdaíonn an Treoir maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí eintitis sna hearnálacha sin. Is ionann an cás do shonraí taighde arb é an ciste poiblí a d'íoc astu, foinse luachmhar eile sonraí.<br>4. ***Gaibhniú sonraí ón earnáil phoiblí***: Déanann sealbhóirí sonraí earnála poiblí socruithe leis an earnáil phríobháideach uaireanta chun breisluach a bhaint as a gcuid sonraí. Baineann an riosca leis sin go mbeadh buntáiste an cheannródaí iomarcach, rud a rachadh chun tairbhe do chuideachtaí móra agus a laghdódh líon na n-athúsáideoirí féideartha a bheadh ann do na sonraí i gceist. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é aidhm fhoriomlán an tionscnaimh seo cur leis an éifeacht dhearfach a bhí cheana féin ag an Treoir maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí. Déanfar sin trí fhorálacha sonracha a neartú agus iad a thabhairt cothrom le dáta chun na sonraí ón earnáil phoiblí atá ar fáil lena n-athúsáid a mhéadú. Go háirithe, neartóidh an tionscnamh seasamh na FBManna i margadh na sonraí trína áirithiú nach gcuirfear bacainní margaidh rompu a chuirfeadh cosc orthu sonraí ón earnáil phoiblí a athúsáid chun críocha tráchtála. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Is gá bearta ar leibhéal an Aontais chun a ráthú go mbeidh coinníollacha inchomparáide ann maidir le soláthar sonraí agus chun a áirithiú go mbeidh na sonraí sin oiriúnach d'athúsáid. Ba cheart sonraí poiblí de scóip théamach inchomparáide a chur ar fáil go comhleanúnach lena n-athúsáid sna Ballstáit trí chéile le go mbeidh sé níos fusa seirbhísí agus táirgí a fhorbairt bunaithe ar shonraí arna bhfoinsiú i dtíortha éagsúla den Aontas ar choinníollacha inchurtha.<br><br>Leis na hathruithe atáthar a bheartú spreagfar lucht gnó a thuilleadh le leas a bhaint as mórscála an mhargaidh aonair chun táirgí agus seirbhísí faisnéise a tháirgeadh a chumhdóidh tíortha éagsúla. Ag an am céanna, áiritheoidh na hathruithe go mbeidh deiseanna inchomparáide, ó thaobh rochtain ar shonraí poiblí de, ag athúsáideoirí tráchtála de |

[1] SWD(2018) 127.

mhéideanna difriúla nach ionann acmhainn infheistíochta dóibh.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Breithníodh roinnt roghanna beartais, idir reachtach agus neamhreachtach. Cuireadh roghanna áirithe as an áireamh go luath sa phróiseas. Dhá phacáiste de bhearta reachtacha agus neamhreachtacha a bhí sna roghanna a coinníodh le haghaidh an mheasúnaithe ghrinn – pacáiste de bhearta diana agus pacáiste de bhearta nach mbeadh chomh dian céanna.

Is é pacáiste na mbeart nach mbeadh chomh dian sin an rogha thosaíochta, ar bhonn na n-eilimintí seo a leanas:

- ***Sonraí dinimiciúla/APInna:*** Oibleagáid 'bhog' ar na Ballstáit sonraí dinimiciúla a chur ar fáil go prapúil agus APInna a thabhairt isteach. I gcás líon teoranta tacar sonraí bunúsach a mbaineann ardluach leo (a ghlacfar le Gníomh Tarmligthe), beidh oibleagáid 'chrua' ann chuige sin.
- ***Muirearú***: Géarú ar na rialacha maidir le leas a bhaint as na heisceachtaí ar an riail ghinearálta, riail a fhágann nach féidir le comhlachtaí na hearnála poiblí muirear os cionn na gcostas imeallacha a ghearradh as scaipeadh. Liosta bunúsach de thacair sonraí ardluacha a chruthú a bheadh ar fáil saor in aisce sna Ballstáit uile (na tacair sonraí céanna a luaitear thuas, le glacadh trí Ghníomh Tarmligthe).
- ***Sonraí in earnálacha an iompair agus na bhfóntas***: Ní chumhdófar ach gnóthais phoiblí, agus beidh feidhm ag líon teoranta oibleagáidí. Is féidir le gnóthais phoiblí praghsanna is airde ná na costais imeallacha a ghearradh as an scaipeadh agus ní bheidh aon oibleagáid orthu sonraí a scaoileadh. Má scaoileann siad sonraí, beidh siad cumhdaithe ag ceanglais trédhearcachta, neamh-idirdhealaithe agus neamheisiachais.
- ***Sonraí taighde***: Beidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit beartais a cheapadh maidir le rochtain oscailte ar shonraí taighde a eascraíonn ó thaighde arb é an ciste poiblí a d'íoc as. Beidh saoirse acu féin a chinneadh, áfach, cén chaoi leis na beartais sin a chur chun feidhme. Leis an Treoir maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí, cumhdófar freisin sonraí taighde a cuireadh ar fáil cheana féin de thoradh sainorduithe rochtana oscailte, ag díriú ar na gnéithe a bhaineann leis an in-athúsáidteacht.
- ***Neamheisiachais***: Ceanglais trédhearcachta le haghaidh comhaontuithe poiblí-príobháideacha a bhfuil baint acu le faisnéis ón earnáil phoiblí (réamhsheiceáil, ag údaráis iomaíochta náisiúnta b'fhéidir, agus an comhaontú féin a bheith oscailte).

Mar aon leis na bearta sin, tabharfar cothrom le dáta an moladh maidir le rochtain ar fhaisnéis eolaíoch[2] agus caomhnú na faisnéise sin, agus soiléireofar an tionchar atá ag an Treoir maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí agus ag na Treoracha maidir le bunachair sonraí agus INSPIRE ar a chéile.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Ar an iomlán, is le dhá thacar páirtithe leasmhara a bhaineann an Treoir maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí: comhlachtaí na hearnála poiblí ar thaobh amháin agus na hathúsáideoirí ar an taobh eile. I bhfianaise go bhfuiltear ag beartú raon feidhme na Treorach a shíneadh, cuimseofar sa chéad dream feasta comhlachtaí taighde poiblí agus gnóthais phoiblí in earnálacha an iompair agus na bhfóntas.

I measc na n-athúsáideoirí tá eintitis tráchtála (go háirithe FBManna) agus eintitis neamhthráchtála (lucht taighde, daoine aonair) a bhaineann athúsáid as na sonraí a ghintear san earnáil phoiblí. Ós ar an earnáil phoiblí go príomha a dhírítear na bearta atáthar a mholadh, b'fhearr leis an earnáil phoiblí sin an *status quo* a choinneáil nó an rogha is lú déine. Is iomaí athúsáideoir, áfach, a bheadh i bhfabhar athruithe ní b'fhairsinge (rogha na déine). I réimse an taighde, is dócha go mbeidh na hathúsáideoir ar son beart reachtach óir bheadh sé sin ag teacht go hiomlán leis na forbairtí beartais atá tarlaithe i ndáil leis an rochtain oscailte agus an eolaíocht oscailte.

Ba cheart a thabhairt ar aird áfach, cé nach gcuirfidh an Treoir oibleagáidí ach ar an earnáil phoiblí, cruthóidh sí tairbhe eacnamaíoch do gach duine – don na hathúsáideoirí agus don earnáil phoiblí araon.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Déanfaidh na hathruithe a mholtar faoin rogha tosaíochta difear nithiúil toisc go gcuirfear níos mó sonraí ar fáil ar bhonn níos leithne lena n-athúsáid ag gnólachtaí (FBManna go speisialta), rialtais, taighdeoirí agus daoine aonair. Beidh sé níos saoire athúsáid a bhaint as sonraí ón earnáil phoiblí, agus is fusa a bheidh sé athúsáid a bhaint as sonraí áirithe atá le fáil cheana (sonraí taighde). Ag an am céanna, baineann leibhéal réalaíoch uaillmhéine leis an rogha tosaíochta atá inghlactha ag na geallsealbhóirí agus ag na Ballstáit. Go ginearálta, gheofar luach eacnamaíoch agus cruthú post cuid

[2] C(2018) 2375.

mhaith níos airde de bharr na rogha tosaíochta i gcomparáid leis an gcás bunlíne (luach eacnamaíoch díreach 30% níos airde agus 40% níos mó post i gcomparáid leis an gcás bunlíne).

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Den chuid is mó, is leis an uasghrádú is gá a dhéanamh ar bhonneagar digiteach na hearnála poiblí a bhaineann na costais a ghabhann leis an rogha tosaíochta. Beidh an t-uasghrádú sin de dhíth le gur féidir sonraí a scaipeadh go héifeachtúil, go háirithe sonraí dinimiciúla. Buneilimint is ea an costas a bhaineann le APInna a chur i bhfeidhm agus a chothabháil, óir déanann siad níos fusa do na hathúsáideoirí é rochtain a fháil ar shonraí dinimiciúla. I dtosach báire, beidh costais áirithe eile ann do chomhlachtaí earnála poiblí atá fós ag gearradh muirear as sonraí. Caillfidh siad roinnt ioncaim – i gcásanna áirithe ní bheidh siad in ann leanúint ar aghaidh de bheith ag gearradh muirear as athúsáid a gcuid sonraí. Ar deireadh, beidh costais dlí agus/nó riaracháin áirithe ann, mar gheall ar na ceanglais nua ar ghnóthais phoiblí agus ar eagraíochtaí taighde. Cúiteofar na costais sin uile, áfach, leis an tairbhe a bheidh ann don gheilleagar ina iomláine, lena n-áirítear na comhlachtaí earnála poiblí féin, a bhuí leis an méadú ar éifeachtúlacht agus ar an ioncam buiséid a thiocfaidh isteach trí chánacha.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

FBManna agus gnólachtaí príomhthairbhithe na rogha tosaíochta. Is léir ó na staidéir gur gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí a fhostaíonn níos lú na 10 nduine is mó a bhaineann athúsáid as sonraí ón earnáil phoiblí chun críocha tráchtála. A bhuí le soláthar láidir sonraí a bheidh níos saoire agus níos fusa le hathúsáid, beifear in ann níos mó nuálaíocht sonraíbhunaithe a dhéanamh i ngach earnáil eacnamaíoch, agus is iad na FBManna agus na micrifhiontair is mó a bhainfidh tairbhe as ísliú na mbacainní ar rochtain ar shonraí ón earnáil phoiblí.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Cuirfidh an tionscnamh seo leis an bpróiseas leanúnach chun sonraí ón earnáil phoiblí a chur ar fáil go hoscailte. Sa ghearrthéarma, beidh costais chomhlíonta theoranta ag baint leis d'údaráis phoiblí. Ach san fhadtéarma, spárálfar costais dá bharr toisc go méadófar an éifeachtúlacht agus ghinfear tuilleadh ioncaim don rialtas freisin.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Amach ón tairbhe fhoriomlán eacnamaíoch a mheastar a bheidh ann de thoradh sonraí ón earnáil phoiblí a chur ar fáil go hoscailte, táthar ag súil go n-imreoidh an rogha tosaíochta méadú nach beag ar an tionchar a bhíonn ag athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí ar an tsochaí.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfar faireachán ar an mbeartas ar bhonn bliantúil leis an gcleachtas 'lánléargais' a dhéanfaidh an Tairseach Sonraí Eorpach. As a dheireadh sin foilseofar tuarascálacha maidir le haibíocht i dtaobh sonraí oscailte. Athrófar clásal athbhreithnithe na Treoracha ionas go mbeifear in ann an chéad mheastóireacht eile a dhéanamh 6 bliana tar éis ghlacadh na Treorach leasaithí.